An Ghníomhaireacht Eorpach um bainistiú oibríochtúil córais TF ar mhórscála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais.

**27.02.2013**

**2013-015**

**NÓTA CUMHDAIGH**

| | |
|---|---|
| Ó | Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta |
| Chuig: | An Bord Bainistíochta |
| Cáipéis Roimhe | |
| Ábhar | Tuarascáil Ghníomhaíochtaí 2012 |

# eu-LISA

# Tuarascáil Ghníomhaíochtaí 2012

**Clár na nÁbhar**

1. ACHOIMRE FHEIDHMEACH....3
2. RÉAMHRÁ....3
3. BUISÉAD 2012....4
3.1. Caiteachas Riaracháin (Teidil 1 agus 2)....4
3.2. Caiteachas Oibríochtúil (Teideal 3)....5
4. EARCAÍOCHT....5
4.1. An Stiúrthóir Feidhmiúcháin....5
4.2. Foireann na Gníomhaireachta....5
4.3. An tOifigeach Slándála, an tOifigeach Cosanta Sonraí agus an tOifigeach Cuntasaíochta....8
4.4. An Struchtúr Eagraíochtúil....9
5. BAINISTÍOCHT OIBRÍOCHTÚIL NA GCÓRAS....10
6. BUNÚ AN BHOIRD BHAINISTÍOCHTA AGUS NA NGRÚPAÍ COMHAIRLEACHA....11
6.1. Cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta....11
6.2. Cruinnithe na nGrúpaí Comhairleacha....13
7. LÁITHREÁIN NA GNÍOMHAIREACHTA....13
7.1. An Ceannáras i dTaillinn, an Eastóin....13
7.2. An Láithreán Teicniúil i Strasbourg, an Fhrainc....14
7.3. Athlonnú Chóras EURODAC....15
8. AN COMHAONTÚ CEANNÁRAIS LEIS AN EASTÓIN AGUS NA COMHAONTUITHE LÁITHREÁN LEIS AN BHFRAINC AGUS LEIS AN OSTAIR....16
8.1. An Comhaontú Ceannárais leis an Eastóin....16
8.2. An Comhaontú Láithreáin leis an bhFrainc....17
8.3. An chomhaontú láithreáin leis an Ostair....18
9. BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS....18

## 1. ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Cuireadh an Ghníomhaireacht Eorpach um bainistiú oibríochtúil córais TF ar mhórscála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais (eu-LISA) ar bun de bhun Rialachán (AE) uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 (IO L 286, 01.11.2011, lch.1), a tháinig i bhfeidhm ar an 21 Samhain 2012. De réir an Rialacháin, tugadh faoi shainordú don Ghníomhaireacht glacadh lena cuid freagrachtaí maidir lena príomhthascanna as an 1 Nollaig 2012 amach.

Le linn 2012, bhí an chuid ba mhó de na gníomhaíochtaí dírithe ar struchtúir thábhachtacha na Gníomhaireachta a bhunú (láithreáin a ullmhú agus an trealamh riachtanach a fheistiú), ar struchtúr rialachais a chur i ngníomh (an Bord Bainistíochta agus Grúpaí Comhairleacha a bhunú), ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ar chroíbhaill foirne eile a earcú agus ar ullmhú i dtreo bainistíocht oibríochtúil na gcóras TF a ghabháil de láimh (ullmhúcháin teicniúla agus lóistíochúla agus scáthú, agus oiliúint baill foirne go háirithe). Ó Mhí na Nollag 2012 i leith, tá eu-LISA freagrach as an gcéad dá chóras a tugadh dó a bhainistiú, eadhon VIS agus EURODAC. Bhí eu-LISA ag ullmhú i dtreo oibríochtaí SIS II a ghabháil de láimh ag an am céanna (rud a tharlóidh nuair a chuirfear an córas i ngníomh in 2013).

Tugtar sa tuarascáil seo forbhreathnú ar na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcaitheamh 2012 i ndáil le eu-LISA a chur ar bun, le fáilte a chur roimh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus le tús a chur le hoibríochtaí na Gníomhaireachta ar an 1 Nollaig 2012.

## 2. RÉAMHRÁ

Éascaíonn eu-LISA teorainneacha seachtracha a choinneáil slán, comhar póilíneachta éifeachtach, agus feidhmiú an bheartais Eorpaigh um víosaí agus thearmann, trí bhainistíocht oibríochtúil agus leanúnachas oibríochtaí a áirithiú i gcás roinnt córais faisnéise ar mhórscála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais.

Tá eu-LISA lonnaithe i dTaillinn, an Eastóin. Is i Strasbourg, an Fhrainc a dhéantar na tascanna a bhaineann le forbairt agus le bainistíocht oibríochtúil córas atá ann cheana agus atá le teacht. Tá curtha ar bun in Sankt Johann im Pongau, an Ostair láithreán cúltaca (BCU) atá in ann oibriú córas TF ar mhórscála a áirithiú i gcás teip córais dá leithéid.

De réir Alt 36 den Rialachán faoinar bunaíodh an Ghníomhaireacht, *beidh an Coimisiún freagrach as bunú agus túsfheidhmiú na Gníomhaireachta go dtí go mbeidh sé d'acmhainn oibríochtúil aici a buiséad féin a chur i bhfeidhm."* Tá Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile (HOME) i gceannas ar bhunú eu-LISA toisc gurb í an mháthair-ardstiúrthóireacht. D'fhonn bunú eu-LISA a éascú, cheap an Coimisiún Eorpach Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach ar an 16 Aibreán 2012. Rinne an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach an fheidhm seo a chomhall go dtí go ndeachaigh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun oifige i Mí na Samhna.

Mar a leagtar síos sa Rialachán faoinar bunaíodh an Ghníomhaireacht, caithfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Tuarascáil Bhliantúil Ghníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta agus caithfidh an Bord Bainistíochta glacadh léi faoin 31 Márta gach bliain. Ansin, caithfear í a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 15 Meitheamh sa bhliain chéanna.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta Tuarascáil Ghníomhaíochtaí 2012 a phlé ag an gcéad chruinniú de 2013 d'fhonn a glactha agus a curtha ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 15 Meitheamh 2013.

## 3. BUISÉAD 2012

B'ionann an buiséad iomlán le haghaidh na bliana 2012 agus 21,275,000 € agus bhí an ráta feidhmithe beagnach cothrom le 90% in 2012.

### 3.1. Caiteachas Riaracháin (Teidil 1 agus 2)

B'ard ráta feidhmithe bhuiséad riaracháin eu-LISA (líne buiséid 18 02 11 01) cé nár baineadh amach an sprioc le haghaidh na bliana 2012 ar chúiseanna oibiachtúla nár féadadh bheith ag súil leo. Bhí 15,335,000 € ar fáil ar an iomlán i dtaobh Theideal 1 (5,228,000 €) agus Theideal 2 (10,107,000 €) in 2012. Áiríodh leis an bhfigiúr seo creidmheasanna a tugadh anonn as an ngnáthchúrsa nár féadadh a úsáid in 2011. Ar an iomlán, cuireadh creidmheasanna ceangaltais ar luach 13,165,068 € i bhfeidhm faoi dheireadh 2012, suim arbh ionann í agus ráta feidhmithe de nach mór **86%.**

Baineadh amach an t-ardráta feidhmithe seo de bharr gur tugadh earcaíocht pearsanra i dtaca le eu-LISA chun críche in am agus i dtráth (baineadh amach ráta earcaíochta de 99%) cé nach raibh ach 60% de na baill foirne a bhí earcaithe in 2012 dulta i mbun dualgais faoi dheireadh na bliana de dheasca fáthanna praiticiúla. Ar an mbealach céanna, ba léir méadú socair ar chaiteachais eile a bhain leis an bhfoireann ar nós costais oiliúna agus misean do na baill foirne nua-earcaithe.

I measc na mórchaiteachas faoi Theideal 1, bhí forálacha do thuarastail (4,550,000 €), d'oiliúint (650,414 €), agus do chostais eile a bhain leis an bpróiseas earcaíochta (818,760 €). Faoi Theideal 2, tá tugtha gealltanas domhanda de luach 4,900,000 € chun na costais a chlúdach a bhaineann le hinfreastruchtúr inmheánach TF eu-LISA a chur ar bun, le seirbhísí slándála agus le conarthaí ilbhliantúla le soláthraithe uisce, fuinnimh, cothabhála agus seirbhísí eile a bhfuil baint dhíreach acu leis na hoibríochtaí laethúla ar an láithreán teicniúil.

Moill ar ghlacadh seilbhe ar láithreáin na Gníomhaireachta i dTaillinn agus i Strasbourg ba chúis leis an ngannchaiteachas. Ar an gcéad dul síos bhí sé beartaithe go nglacfadh eu-LISA seilbh ar an áitreabh sealadach le haghaidh a Cheannárais i dTaillinn i Meitheamh 2012 agus ar an láithreán teicniúil i Strasbourg ar an 1 Samhain 2012. Ní raibh an idirbheartaíocht maidir leis na coinníollacha áirithe faoina ndéanfadh eu-LISA oibríochtaí sna tíortha óstacha curtha i gcrích faoi dheireadh 2012, áfach. Dá bhrí sin, cuireadh moill ar ghlacadh seilbhe ar na háitribh, rud a

d'imir tionchar ar an gcaiteachas a bhain le costais infreastruchtúir agus reáchtála.

Ghlac eu-LISA seilbh ar an áitreabh sealadach i dTaillinn ar an 17 Deireadh Fómhair 2012. De réir an sceidil reatha, tabharfar an láithreán i Strasbourg do eu-LISA in Aibreán 2013. Ní bheidh ar a chumas a chuid beartas i leith an infreastruchtúir a chur i ngníomh go hiomlán ná na creidmheasanna a cuireadh i leataobh chun na críche seo a úsáid go dtí sin.

### 3.2. Caiteachas Oibríochtúil (Teideal 3)

Úsáideadh na creidmheasanna a raibh fáil orthu faoi Theideal 3 de bhuiséad eu-LISA (líne buiséid 18 02 11 02) le haghaidh caiteachas oibríochtúil (5,940,000 €) ina n-iomláine faoi dheireadh 2012 (ráta feidhmithe de **100%**). Ba é an mórchaiteachas faoin Teideal seo an conradh le conraitheoir seachtrach i dtaca le cothabháil éabhlóideach VIS (4,109,591 €).

## 4. EARCAÍOCHT

### 4.1. An Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Foilsíodh an fógra folúntais le haghaidh phost an Stiúrthóra Feidhmiúcháin (Grád AD 14) in Iris Oifigiúil ar an 24 Samhain 2011 (IO C 344 A) cúpla lá tar éis don Rialachán maidir leis an nGníomhaireacht teacht in éifeacht. Ba é an 22 Nollaig 2011 an dáta deiridh le haghaidh iarratas. Rinne 68 iarrthóir Eorpach iarratas ar an bpost. Chuimsigh an próiseas earcaíochta sraith céimeanna roghnúcháin, rud a cuireadh i gcríoch tráth ar cheap Bord Bainistíochta eu-LISA an tUasal Krum Garkov (BG) mar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin le linn an dara cruinniú dá chuid (Meitheamh 2012).

Tar éis ráiteas a dhéanamh os comhair an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (Coiste LIBE) ar an 10 Iúil 2012 agus tar éis do Pharlaimint na hEorpa cinneadh a ghlacadh (an 6 Meán Fómhair 2012), cheap an Bord Bainistíochta an tUasal Garkov trí nós imeachta i scríbhinn ag deireadh Mheán Fómhair. Chuaigh sé i mbun dualgais i dTaillinn ar an 1 Samhain 2012.

D'fhonn túsoibríochtaí eu-LISA a ullmhú de réir alt 36.2 den Rialachán faoinár bunaíodh an Ghníomhaireacht, cheap an Coimisiún Eorpach Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach ar an 16 Aibreán 2012. Rinne an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach an fheidhm seo a chomhall go dtí go ndeachaigh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun dualgais.

### 4.2. Foireann na Gníomhaireachta

Seoladh na nósanna imeachta earcaíochta i dtaca le foireann eu-LISA i dtreo dheireadh 2011 agus bhí siad curtha i bhfeidhm ó cheann ceann na bliana 2012. Faoi dheireadh na bliana, bhí 39 ball foirne tar éis dul i mbun dualgais (7 i dTaillinn agus 32 i Strasbourg); agus glacadh le **35** tairiscint fostaíochta eile a gcuirfear tús leo ag tús 2013.

Chloígh na nósanna imeachta earcaíochta leis na ceithre phríomhchosán seo a leanas:

#### 4.2.1. Gairm oscailte ar léiriú spéise

Foilsíodh *gairm oscailte ar léiriú spéise* ar an 23 Samhain 2011 i gcomhar leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) a chlúdaigh na ceithre phróifíl seo a leanas:

- Bainistíocht (grád AD 10 agus grád AD 12);
- Slándáil (grád AD 5 agus grád AD 7);
- Speisialtóirí TF (grád AD 5, grád AD 7 agus grád AD 9);
- Tacaíocht agus Cúnamh TF (grád AST 3 agus grád AST 5).

Rinne thart ar 2000 iarrthóir iarratas ar an bpróiseas roghnúcháin seo. Cuireadh sé phainéal roghnúcháin ar bun chun plé a dhéanamh leis an nós imeachta earcaíochta, ar a raibh comhaltaí den Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile agus de na ghrúpaí ionadaithe foirne. Cuireadh an chéim réamhroghnúcháin (tríd an uirlis scagtha buanna) i gcrích faoi dheireadh Mhárta 2012. Dá éis sin, rinne na painéil roghnúcháin na scrúduithe i scríbhinn a cheartú agus chuir siad iarrthóirí faoi agallamh ó bhéal.

Ba de thoradh ar an bpróiseas roghnúcháin a bunaíodh naoi liosta ionadaithe, ceann amháin le haghaidh gach grád de na ceithre phróifíl. Ghlac an tÚdarás Ceapacháin (an Stiúrthóir Feidhmiúcháin *eatramhach*) leis na liostaí ionadaithe i ndáil le gach ceann de na naoi ngrád i gcaitheamh Iúil agus Lúnasa 2012. Faoi lár Lúnasa, bhí curtha in iúl do na hiarratasóirí uile trína gcuntas EPSO cé acu ar éirigh leo an liosta ionadaithe a bhaint amach nó nár éirigh leo. Nuair a chuirtear duine leis an liosta ionadaithe, ní thugtar aon ráthaíocht dó go ndéanfar é a earcú ar chor ar bith. Seoladh amach tairiscintí fostaíochta díreach ina dhiaidh sin.

#### 4.2.2. Earcaíocht trí liostaí ionadaithe a bhí ann cheana

Ina theannta sin, agus tar éis dul i ndáil chomhairle le EPSO, beartaíodh go ndéanfaí an fhoireann le haghaidh poist chothrománacha a earcú trí liostaí ionadaithe a bhí ann cheana oiread agus ab fhéidir. Chun na críche seo, ar an 3 Samhain 2011, sheol EPSO teachtaireacht ríomhphoist chuig na daoine ardcháilithe uile a bhí ar liostaí ionadaithe bailí agus nach raibh earcaithe mar oifigigh ag institiúid de chuid AE go fóill. Sa teachtaireacht seo, iarradh orthu a spéis a léiriú in thart ar 20 post ag Ceannáras eu-LISA i dTaillinn sna réimsí seo a leanas:

- Riarachán agus Comhordú Ginearálta (grád AD 5 agus grád AD 7);
- Dlí (grád AD 7);
- Airgeadas, Iniúchóireacht agus Soláthar (grád AD 5, grád AD 7 agus grád AD 9);
- Tacaíocht Riaracháin agus Lóistíochta (grád AST 3 agus grád AST 4).

Cuireadh na hiarrthóirí a rinne iarratas ar an nós imeachta earcaíochta seo faoi agallamh in earrach 2012 agus cuireadh tús le hearcú na foirne roimh samhradh 2012. Bhí na poist uile bunaithe i dTaillinn. Chuaigh na chéad bhaill foirne i mbun dualgais in Iúil in áitreabh na hArd-Stiúrthóireachta Gnóthaí Baile agus d'aistrigh siad go dtí Taillinn ar an 1 Samhain 2012.

### 4.2.3. Earcaíocht pearsanra a raibh taithí teicniúil acu

D'fhonn dea-fheidhmiú eu-LISA a áirithiú ón tús, bhí gá le líon teoranta daoine a earcú a raibh taithí teicniúil acu ar bhainistiú láraonad de chórais TF a bhaineann le Comhaontú Schengen agus le Comhaontú Bhaile Átha Cliath (SIS 1, VIS agus EURODAC)

Chun na críche seo, foilsíodh *gairm oscailte ar léiriú spéise* ar an 30 Aibreán 2012, arbh é a spriocdháta an 30 Bealtaine 2012, maidir leis na ceithre phróifíl seo a leanas:

- Ceann na Roinne (grád AD 12);
- Deasc Chabhrach TF (grád AST 3, grád AST 4 agus grád AST 5).
- Cúntóir Slándáil TF (grád AST 5);
- Speisialtóir TF (grád AD 5, grád AD 7 agus grád AD 9).

Cuireadh trí phainéal roghnúcháin ar bun chun plé a dhéanamh leis an nós imeachta earcaíochta. Bhí ar na painéil seo comhaltaí den Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile agus de na ghrúpaí ionadaithe foirne.

Tar éis 86 iarratas a fháil, reáchtáladh scrúduithe scríofa i Strasbourg ar an 21 Meitheamh 2012. Cuireadh iarrthóirí faoi agallamh i Strasbourg agus sa Bhruiséil le linn Mheán Fómhair 2012. Cuireadh na liostaí ionadaithe ar fáil i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2012. Bhí na poist uile bunaithe i Strasbourg. Seoladh tairiscintí fostaíochta amach i Mí na Nollag 2012. Rachaidh na baill foirne a earcaíodh de bharr na liostaí ionadaithe seo i mbun dualgais i Márta nó in Aibreán 2013.

## 4.3. An tOifigeach Slándála, an tOifigeach Cosanta Sonraí agus an tOifigeach Cuntasaíochta

Déantar foráil sa Rialachán faoina bunaíodh an Ghníomhaireacht gurb é an Bord Bainistíochta (agus ní an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an té a cheapann na baill foirne eile) a cheapfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí, an tOifigeach Slándála, agus an tOifigeach Cuntasaíochta go díreach. Dá bhrí sin, cuireadh na fógraí folúntais i dtaca leis na trí phost seo faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta lena bhfaomhadh ag an gcéad chruinniú dá chuid i Márta 2012.

Tar éis don Bhord Bainistíochta iad a fhaomhadh, foilsíodh na trí fhógra folúntais ar an 10 Bealtaine 2012, arbh iad a spriocdhátaí an 10 Meitheamh 2012, ar na gráid seo a leanas:

- Oifigeach Slándála (grád AD 10);
- Oifigeach Cosanta Sonraí (grád AD 10);
- Oifigeach Cuntasaíochta (grád AD 9).

De dheasca nár fuarthas ach líon teoranta iarratas, síneadh amach an spriocdháta go dtí an 30 Meitheamh 2012. Ag an tráth céanna, iarradh ar chomhaltaí an Bhoird Bhainistíochta agus na nGrúpaí Comhairleacha na fógraí folúntais a scaipeadh laistigh dá n-eagraíochtaí náisiúnta féin.

Tar éis an spriocdháta shínte seo, bhí faighte 48 iarratas. Cuireadh trí phainéal roghnúcháin ar bun chun plé a dhéanamh leis an bpróiseas earcaíochta seo. Bhí ar na painéil comhaltaí den Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile agus de na ghrúpaí ionadaithe foirne. Mar gheall ar fhócas dírithe na bpróifílí, bhí saineolaithe de chuid Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid (an tOifigeach Cuntasaíochta), Ard-Stiúrthóireacht na Slándála (an tOifigeach Slándála) agus Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais (an tOifigeach Cosanta Sonraí) páirteach sa phainéil chomh maith.

Rinne na painéil roghnúcháin measúnú ar na hiarratais uile i gcaitheamh Mheán Fómhair (ag déanamh measúnú orthu de réir a gcáilitheachta agus na gcritéar roghnúcháin), agus chuir siad le chéile gearrliosta de na hiarrthóirí a gcuirfí cuireadh dóibh scrúdú scríofa a dhéanamh agus dul faoi agallamh. Reáchtáladh na scrúduithe scríofa agus na hagallaimh sa Bhruiséil i rith Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair. Cuireadh na liostaí ionadaithe i ndáil leis na poist mar an Oifigeach Cuntasaíochta agus mar an Oifigeach Slándála ar fáil faoi thús Mhí na Samhna 2012. Cuireadh an liosta ionadaithe i ndáil leis an bpost mar an Oifigeach Cosanta Sonraí ar fáil i Mí na Nollag 2012.

I gcaitheamh an fhómhair, d'iarr Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta ar an mBord roinnt dá chuid ball a ainmniú chun grúpaí roghnúcháin a chuirfeadh na hiarrthóirí ar na liostaí ionadaithe faoi agallamh agus a mholfadh na hiarrthóirí is oiriúnaí don Bhord lena gceapadh.

Dá bharr sin, cuireadh ar bun fochoiste den Bhord, ar a raibh an comhalta Beilgeach agus an comhalta Bulgárach den Bhord, mar aon leis an gCathaoirleach. Cuireadh iarrthóirí a bhí ar an liosta ionadaithe i ndáil leis na poist mar an Oifigeach Slándála agus mar an Oifigeach Cuntasaíochta faoi agallamh i dTaillinn ar an 28 Samhain 2012. Ar an 29 Samhain 2012, an lá ar tionóladh an tríú cruinniú de Bhord Bainistíochta eu-LISA, rinneadh an tOifigeach Slándála agus an tOifigeach Cuntasaíochta a cheapadh. Cuireadh iarrthóirí ar an bpost mar an Oifigeach Cosanta Sonraí faoi agallamh ag tús 2013.

### 4.4. An Struchtúr Eagraíochtúil

Foráiltear in alt 12(1)(c) den Rialachán faoinar bunaíodh an Ghníomhaireacht gurb é an Bord Bainistíochta a bhunaíonn struchtúr eagraíochtúil na Gníomhaireachta tar éis dó dul i ndáil chomhairle leis an gCoimisiún. Cuireadh dréachtstruchtúr eagraíochtúil faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta lena bhfaomhadh ag an gcéad chruinniú dá chuid (Márta 2012).

Bhí an dréachtstruchtúr eagraíochtúil bunaithe ar Alt 10 den Rialachán faoinar bunaíodh an Ghníomhaireacht, ina leagtar síos:

- go mbeidh eu-LISA lonnaithe i dTaillinn, an Eastóin;
- go ndéanfar na tascanna a bhaineann le forbairt agus le bainistíocht oibríochtúil córas TF ar mhórscála, arb iad na córais a bhfuil an Ghníomhaireacht freagrach astu, i Strasbourg, an Fhrainc, agus
- go gcuirfear ar bun in Sankt Johann im Pongau, an Ostair láithreán cúltaca (BCU) a bheidh in ann oibriú córas TF ar mhórscála a áirithiú i gcás teip córais dá leithéid.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an dréachtstruchtúr eagraíochtúil go sealadach agus chuaigh sé i ndáil chomhairle leis na seirbhísí de chuid an Choimisiúin atá freagrach as acmhainní daonna, de réir alt 12.1(c) den Rialachán faoinar bunaíodh an Ghníomhaireacht. Ina theannta sin, comhaontaíodh go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an struchtúr eagraíochtúil tar éis don Stiúrthóir Feidhmiúcháin dul i mbun oifige.

Cuireadh dréachtstruchtúr eagraíochtúil na Gníomhaireachta faoi bhráid Ard-Stiúrthóireacht na nAcmhainní Daonna agus na Slándála (DG HR) ar an 30 Aibreán 2012 ionas tuairimí a lorg uaithi. Ina freagra, mhol an Ard-Stiúrthóireacht don Ghníomhaireacht faireachán cúramach a dhéanamh ar líon na mball foirne a bhíonn dírithe ar thascanna cothrománacha agus iarracht a dhéanamh an líon is mó agus is féidir de na baill foirne a dhíriú isteach ar chroíthascanna. Thairis sin, mhol sí roinnt athruithe ar ainmneacha na n-aonad agus na rannóg.

Tar éis a cheaptha, chuir an Stiúrthóir Feidhmiúcháin struchtúr eagraíochtúil athbhreithnithe le chéile ina gcuirtear tuairimí na hArd-Stiúrthóireachta san áireamh. Ghlac an Bord Bainistíochta leis an struchtúr eagraíochtúil seo ag an gcruinniú dá chuid i Mí na Samhna 2012.

## 5. BAINISTÍOCHT OIBRÍOCHTÚIL NA GCÓRAS

Ón 1 Nollaig 2012, tá eu-LISA freagrach as feidhmiú chóras VIS agus chóras EURODAC agus gabhfaidh foireann eu-LISA córas SIS II de láimh chomh maith tar éis a churtha i ngníomh. Ghlac an Bord Bainistíochta le bearta slándála le haghaidh chóras VIS agus chóras EURODAC, arna moladh ag na Grúpaí Comhairleacha, i Mí na Samhna 2012. Déanfaidh an fhoireann Fhrancach agus foireann an Choimisiúin plé le hoibríochtaí laethúla an dá chóras faoi seach go fóill do chéad ráithe 2013 áfach, d'fhonn gabháil de láimh de réir a chéile a áirithiú. Leagadh amach plean trasdula VIS chun deá-aistriú na n-oibríochtaí ón bhFrainc go dtí eu-LISA a bhaint amach. Maidir le EURODAC, chuir an Coimisiún agus eu-LISA plean le chéile i dtreo cian-nasc bainistíochta a chumrú i Strasbourg, rud a chumasóidh feidhmiú an chórais ó láithreán teicniúil na Gníomhaireachta sula ndéanfar é a athlonnú go fisiceach.

Ullmhaíodh sainoiliúint d'fhonn cur ar chumas na foirne teicniúla nua dul i lánpháirtíocht sa Ghníomhaireacht. Cuireadh an oiliúint seo ar na daoine nua nuair a tháinig siad isteach in eu-LISA den chéad uair. Mhair gach bloc oiliúna thart ar 2 mhí. Bhí an plean oiliúna roinnte ina cheithre rian dóibh siúd sa trí phríomhchatagóir de bhaill foirne (Bainisteoir, Speisialtóir TF, Oibritheoirí):

- Eagrúchán na Gníomhaireachta (pacáiste fáilte)
- Gnó (lena n-áirítear forbhreathnú ar an gcreat dlí)
- Dearadh (lena n-áirítear sonraí teicniúla do speisialtóirí)
- Oibríochtaí Teicniúla (lena n-áirítear seisiúin oiliúna theagmhálacha agus seisiúin oiliúna i mbun an phoist)

Reáchtáladh an clár oiliúna seo i Strasbourg agus bhí gá le hoibritheoir reatha VIS/BMS (C.SIS) bheith páirteach ann. Bhí sé mar aidhm ag an bplean oiliúna

chomh maith bunachar sonraí bainistithe eolais, modúil ríomhfhoghlama agus modheolaíocht oiliúna a tháirgeadh a d'fhéadfadh oiliúnóirí inmheánacha eu-LISA a úsáid i dtaca leis an oiliúint ionduchtúcháin amach anseo.

Eagraíodh oiliúint theoiriciúil in áitreabh Pharlaimint na hEorpa i Strasbourg i Mí Dheireadh Fómhair/Mí na Samhna 2012. Tar éis na hoiliúna seo, thug baill foirne nua eu-LISA faoi sheisiúin scáthaithe agus chóitseála inar ghlac siad páirt i ní ba mhó gníomhaíochtaí oibríochtúla de réir a chéile chun lánaistriú na n-oibríochtaí a chinntiú faoi dheireadh na chéad ráithe in 2013.

## 6. BUNÚ AN BHOIRD BHAINISTÍOCHTA AGUS NA nGRÚPAÍ COMHAIRLEACHA

### 6.1. Cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta

Ba é an Coimisiún a bhí freagrach as an gcéad chruinniú den Bhord Bainistíochta a eagrú ina cháil airígh agus bhí sé freagrach as na cruinnithe uile eile dá éis sin a eagrú chomh maith go dtí gur ceapadh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus go raibh an tacaíocht rúnaíochta i bhfeidhm. Toisc gur tionóladh an cruinniú deireanach de 2012 cúpla seachtain i ndiaidh cheapadh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin áfach, ba é an Coimisiún a bhí freagrach as na trí chruinniú a tharla le linn 2012 a eagrú i ndáiríre.

Rinne na sonraí eagraíochtúla maidir leis an gcéad chruinniú den Bhord Bainistíochta a phlé leis na húdaráis san Eastóin i bhfómhar 2011, ionaid chomhdhála féideartha san áireamh. Tar éis faomhadh an Rialacháin faoinar bunaíodh an Ghníomhaireacht, beartaíodh go dtionólfaí an chéad chruinniú den Bhord Bainistíochta ar an 22-23 Márta 2012. Chuir údaráis na hEastóine in iúl go gcuirfidís ionad comhdhála lánfheistithe ar fáil, mar aon le béile oifigiúil.

Ar an 12 Eanáir 2012 a ghlac an Coimisiún leis an gCinneadh faoinar ceapadh ionadaithe an Choimisiúin chun an Bhoird Bhainistíochta. Ina theannta sin, tugadh cuireadh do Bhallstáit a n-ionadaithe agus a malartaigh a ainmniú chun an Bhoird Bhainistíochta faoin 22 Eanáir 2012, de réir alt 13.2 den Rialachán faoinar bunaíodh an Ghníomhaireacht.

Ar a 21 Nollaig 2011, rinne an Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile conradh le conraitheoir seachtrach a bheadh i gceannas ar na riachtanais lóistíochta uile i ndáil le heagrú an chéad chruinnithe, ar nós socruithe lóistín agus taistil, béilí, seirbhísí ateangaireachta, ábhair chomhdhála agus tacaíochta. Clúdaítear faoin gconradh chomh maith na costais lóistín agus taistil do na comhaltaí uile den Bhord Bainistíochta mar aon lena malartaigh. Ina theannta sin, rinneadh foráil sa chonradh do rogha i leith dhá chruinniú bhreise den Bhord Bainistíochta a eagrú, rud ar baineadh leas as i gcúrsa 2012.

**<u>Cruinniú an 22-23 Márta 2012</u>**

Le linn an chéad chruinnithe toghadh an tUasal Matthias Taube, an comhalta den Bhord Bainistíochta a dhéanann ionadaíocht don Ghearmáin, mar Chathaoirleach an Bhoird agus an tUasal Carlos Goncalves, an comhalta den Bhord Bainistíochta a dhéanann ionadaíocht don Phortaingéil, mar an Leas-Chathaoirleach. Ina theannta sin,

ghlac an Bord leis na Rialacha Sealadacha Nós Imeachta (iarradh ar chomhaltaí an Bhoird a tuairimí faoin gcáipéis a sheoladh isteach faoin 30 Aibreán 2012, ionas go bhféadfaí leagan deiridh a ghlacadh ag an gcruinniú dá éis) agus le Tuarascáil Ghníomhaíochtaí 2011.

Ó thaobh cúrsaí foirne de, d'fhaomh an Bord na fógraí folúntais i ndáil leis na poist mar Oifigeach Slándála, mar Oifigeach Cosanta Sonraí agus mar Oifigeach Cuntasaíochta i rith an chruinnithe, chomh maith leis an bPlean Leathbhliantúil Beartais Foirne 2013-2015 agus an Struchtúr Eagraíochtúil sealadach.

Ó thaobh an bhuiséid de, ghlac an Bord le Ráiteas na Meastachán ar Ioncaim agus ar Chaiteachas don bhliain 2013 agus Rialachán Airgeadais eu-LISA. Ar aon dul leis an Rialachán faoinar bunaíodh an Ghníomhaireacht, cuireadh an cháipéis ar aghaidh chuig na seirbhísí bainteacha de chuid an Choimisiúin chun comhairle a lorg uathu maidir léi.

**<u>Cruinniú an 28-29 Meitheamh 2012</u>**

Le linn an dara cruinniú den Bhord Bainistíochta, chuir an Bord na hiarrthóirí gearrliostaithe faoi agallamh i ndáil leis an bpost mar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus roghnaíodh an tUasal Krum Garkov. Thairis sin, ghlac an Bord *leis an gCinneadh ina leagtar síos na socruithe praiticiúla i leith rochtain ag an bpobal ar cháipéisí na Gníomhaireachta, leis an gCinneadh ina leagtar síos na téarmaí agus coinníollacha i leith imscrúduithe inmheánacha maidir le cosc a chur ar an gcalaois, ar an gcaimiléireacht agus ar aon ghníomhaíocht neamhdhleathach a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leas an Aontais, agus leis an gCinneadh ina leagtar síos na rialacha i leith Saineolaithe Náisiúnta (SNI) a thabhairt don Ghníomhaireacht ar iasacht.*

Tar éis tuairimí a fháil maidir leo, ghlac an Bord Bainistíochta leis an leagan athbhreithnithe de na Rialacha Nós Imeachta agus leis an Rialachán Airgeadais. Chomh maith leo siúd, glacadh leis na Dréachtchláir Oibre i ndáil leis na blianta 2012 agus 2013, cáipéisí a cuireadh ar aghaidh dá éis sin chuig an gCoimisiún Eorpach chun a thuairim a fháil fúthu.

**<u>Cruinniú an 29-30 Samhain 2012</u>**

Tionóladh an cruinniú deireanach den Bhord Bainistíochta in 2012 díreach tar éis do eu-LISA teacht i bhfeidhm Dé Sathairn, an 1 Nollaig 2012, ar dháta é a leagadh síos sa Rialachán faoinar bunaíodh an Ghníomhaireacht. D'fhonn an ócáid sin a cheiliúradh, eagraíodh comh-phreasócáid ag deireadh an chruinnithe den Bhoird in éineacht le Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, Aire Gnóthaí Baile na hEastóine, duine den bheirt ionadaithe don Choimisiún ar an mBord Bainistíochta agus Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.

I rith an chruinnithe seo den Bhord, ceapadh Oifigeach Slándála agus Oifigeach Cuntasaíochta na Gníomhaireachta. Ina theannta sin, ghlac an Bord leis an *Dréachtchinneadh ina leagtar amach an nós imeachta agus na critéir i leith breithmheas a thabhairt ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin* agus cheap sé beirt chomhaltaí dá líon mar Oifigigh Tuairiscithe a bheidh freagrach as breithmheas a thabhairt ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin chomh maith.

Glacadh le leagan athbhreithnithe de struchtúr eagraíochtúil na Gníomhaireachta, ina gcuirtear moltaí an Choimisiúin san áireamh, mar aon le bearta slándála VIS agus EURODAC, lena n-áirítear plean slándála, plean leanúnachais ghnó agus athshlánaithe ó thubaiste agus plean foriomlán slándála na Gníomhaireachta. Maidir le EURODAC, rinne an Bord Bainistíochta cinneadh glacadh leis an rogha faoina ndéanfaí EURODAC a athlonnú, mar a mhol Grúpa Comhairleach EURODAC.

Mar chríoch, bheartaigh an Bord Bainistíochta eu-LISA a úsáid mar an ngiorrúchán le haghaidh na Gníomhaireachta.

### 6.2. Cruinnithe na nGrúpaí Comhairleacha

Cosúil le cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta, bhí an Coimisiún freagrach as cruinnithe na nGrúpaí Comhairleacha a ullmhú ó cheann ceann na bliana 2012. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún conradh le conraitheoir seachtrach eile ar an 21 Nollaig 2011 a bheadh i gceannas ar na riachtanais lóistíochta i ndáil le heagrú chéad chruinnithe na nGrúpaí Comhairleacha i ndáil le gach ceann de na trí chóras (SIS II, VIS agus EURODAC). Rinneadh foráil sa chonradh do rogha i leith an chéad bhabhta eile de chruinnithe na nGrúpaí Comhairleacha a eagrú chomh maith.

Tionóladh na chéad chruinnithe de na Grúpaí Comhairleacha i dTaillinn an 5-6 Meitheamh (Grúpa Comhairleach VIS), an 6-7 Meitheamh (Grúpa Comhairleach SIS II) agus an 7-8 Meitheamh (Grúpa Comhairleach EURODAC). Níor toghadh aon Chathaoirleach i gcás Ghrúpa Comhairleach VIS de dheasca easpa iarrthóirí. Cuireadh an toghchán ar atráth mar sin go dtí an chéad chruinniú eile. I gcás na ngrúpaí eile, áfach, toghadh na Cathaoirligh seo a leanas:

- Eduarda Peixeiro (an t-ionadaí Portaingéalach chun Ghrúpa Comhairleach SIS II)
- An tUasal Jan Westmar (an t-ionadaí Sualannach chun Ghrúpa Comhairleach EURODAC)

Tharla an dara chruinniú de na Grúpaí Comhairleacha VIS agus EURODAC an 16-17 agus an 17-18 Deireadh Fómhair 2012 faoi seach. Beartaíodh go dtarlóidh an dara chruinniú de Ghrúpa Comhairleach SIS II ag tús 2013.

I rith na gcruinnithe in 2012, thug na Grúpaí Comhairleacha a dtuairimí don Bhord Bainistíochta faoi réimse leathan saincheisteanna, ar nós na cáipéisí slándála, an Chláir Oibre Bhliantúil agus athlonnú chóras EURODAC.

## 7. LÁITHREÁIN NA GNÍOMHAIREACHTA

### 7.1. An Ceannáras i dTaillinn, an Eastóin

In oiriúint leis an ngealltanas a thug údaráis na hEastóine áitreabh a chur ar fáil do Cheannáras na Gníomhaireachta i dTallinn saor in aisce, mhol siad ocht áit fhéideartha ina bhféadfaí cóiríocht a sholáthar do Cheannáras eu-LISA ar bhonn sealadach go dtí go gcuirfear áitreabh buan ar fáil.

Chuir an Coimisiún Eorpach ceithre áit ar an ngearrliosta agus cuireadh faoi mheasúnú críochnúil ar an láthair iad le tacaíocht ó sheirbhísí de chuid an Choimisiúin a raibh an saineolas teicniúil agus slándála riachtanach acu, eadhon an Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil (OIB) agus Stiúrthóireacht Slándála Ard-Stiúrthóireacht na nAcmhainní Daonna agus na Slándála (DG HR).

Tar éis an mheasúnaithe seo, roghnaíodh an foirgneamh atá suite ag 4, Sráid Ravala i lár Tallinn, ar a dtugtar "Teach AE" (toisc go bhfuil Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh agus Biúró Pharlaimint na hEorpa ann), mar an áit ab fheiliúnaí do Cheannáras na Gníomhaireachta go sealadach go dtí go gcuirfear áitreabh buan ar fáil.

Tá ar fáil i dTeach AE 1,500 méadar cearnach de spás oifige agus beidh deis ag an nGníomhaireacht leas a bhaint as infreastruchtúr agus seirbhísí a roinnt le hIonadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh agus le Biúró Pharlaimint na hEorpa.

Rinne údaráis na hEastóine bearta riachtanacha d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfadh an t-áitreabh riachtanais na Gníomhaireachta, chomh maith leis an dlí agus leis na caighdeáin theicniúla is bainteach. Rinne an Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile, i gcuibhreann le OIB agus le Stiúrthóireacht Slándála DG HR, na híosriachtanais a dhréachtú i ndáil leis an áitreabh sealadach, rudaí ba chóir a chur san áireamh agus na bearta riachtanacha á bpleanáil agus á gcur i bhfeidhm.

Lean an próiseas ar aghaidh go dtí Mí na Samhna 2012, tráth ar cuireadh an t-áitreabh ar fáil don Ghníomhaireacht.

### 7.2. An Láithreán Teicniúil i Strasbourg, an Fhrainc

Is é eu-LISA atá freagrach as bainistíocht oibríochtúil an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II), an Chórais Faisnéise Víosaí (VIS) agus Chóras EURODAC. Tá na trí chóras TF seo suite ar thrí láithreán ar leith faoi láthair[1]. Tar éis don Ghníomhaireacht na córais TF seo a ghabháil de láimh, feidhmeofar ar láithreán teicniúil atá ann cheana i Strasbourg iad (láithreán C.SIS). Cé gur le Rialtas na Fraince láithreán C.SIS i láthair na huaire, tá gealltanas tugtha ag an bhFrainc go n-aistreofar an t-áitreabh chuig an nGníomhaireacht saor in aisce. Ina theannta sin, tá gealltanas eile tugtha ag an bhFrainc go gcuirfear ar fáil don Ghníomhaireacht 5,000 méadar cearnach de thalamh a bhféadfaí tógáil uirthi in aice le C.SIS chun a fhorbairt a éascú amach anseo.

Ina ainneoin sin áfach, ní fada go mbeidh acmhainn óstála láithreán C.SIS caite, go háirithe i gcás spás oifige agus beidh gá le tabhairt faoi bheart suntasach athchóirithe agus/nó leathnaithe chun é a athrú ina láithreán teicniúil don Ghníomhaireacht. Sheol an Coimisiún in 2012 staidéar a raibh sé mar aidhm aige láithreán reatha C.SIS a mheas agus bearta ar leith a mholadh i dtreo é a athrú ina lárionad sonraí úrscothach i dtaca le córais TF a fheidhmiú ar an gcostas is ísle agus úsáid bharrmhaith a bhaint as na hacmhainní ag an am céanna. Ba é sainchuspóir an staidéir ná an cás ab éifeachtaí,

---

1 Tá na lárchórais de SIS II agus de VIS suite ag an Lárionad Sonraí Francach (C.SIS) i Strasbourg, an Fhrainc agus tá a gcórais chúltaca suite ag láithreán slán atá suite gar do Salzburg, an Ostair. Tá EURODAC lonnaithe in áitribh de chuid an Choimisiúin i Lucsamburg agus sa Bhruiséil.

agus suas le dhá chás mhalartacha eile, a mholadh a chuimseodh bearta nithiúla agus sceideal a gcurtha i bhfeidhm chun spriocstaid oibríochtúil an láithreáin theicniúla a bhaint amach ar an gcostas is ísle agus úsáid bharrmhaith a bhaint as na hacmhainní ag an am céanna.

Cuireadh tátal an staidéir faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta ag an tríú cruinniú dá chuid i Mí na Samhna 2012. I rith an chruinnithe sin, d'iarr an Bord ar an gconraitheoir seachtrach forbhreathnú ní ba mhionsonraithe a fhorbairt ar na cásanna éagsúla a cuireadh faoina bhráid, na costais a bheadh i gceist leo san fhadtréimhse ina measc.

### 7.3. Athlonnú Chóras EURODAC

Mar gheall ar go bhfuil córas EURODAC lonnaithe i Lucsamburg faoi láthair, bhí sé ar cheann de na príomhthosaíochtaí don bhliain 2012 na bearta riachtanacha a shonrú i ndáil leis an gcóras seo a bhogadh ó Lucsamburg go dtí Strasbourg, agus córas cúltaca a chur ar bun in Sankt Johann im Pongau chomh maith.

Le linn an chéad chruinnithe de Ghrúpa Comhairleach EURODAC, a tionóladh i dTallinn i Meitheamh 2012, leag an Coimisiún amach ceithre chás éagsúla i ndáil le hathlonnú an chórais, eadhon cás amháin ina ndéanfaí infreastruchtúr EURODAC ar fad a bhogadh in aon bheart amháin ó Lucsamburg go dtí Strasbourg agus go dtí Salzburg; cás eile ina ndéanfaí an Láraonad (CU) a bhogadh ó Lucsamburg go dtí Strasbourg ar an gcéad dul síos (agus an Láraonad Cúltaca (BCU) a chur i ngníomh chun seirbhís a sholáthar do Bhallstáit ó Lucsamburg agus an Láraonad á bhogadh) agus ansin, tar éis an Láraonad a chur i ngníomh i Strasbourg, dhéanfaí an Láraonad Cúltaca a bhogadh go dtí Salzburg. Bhí dhá chéim beartaithe sa tríú cás: an chéad chéim, ina ndéanfaí Láraonad nua a sholáthar i Strasbourg a bheadh díreach cosúil leis an Láraonad atá ann cheana chun an leibhéal céanna beachtais a áirithiú, agus nasc sealadach criptithe ar ardluas a bhunú idir Strasbourg agus Lucsamburg. Tar éis na céime seo a chur i gcrích, is é an Láraonad nua (i Strasbourg) a bheadh ar an gcóras gníomhach agus bheadh an Láraonad atá ann cheana (i Lucsamburg) ar an gcóras cúltaca. Sa dara céim, bhogfaí an Láraonad Cúltaca atá ann cheana ó Lucsamburg go dtí Salzburg. I ndiaidh na céime seo, is é an Láraonad nua (i Strasbourg) a bheadh ar an gcóras gníomhach agus bheadh an Láraonad Cúltaca atá ann cheana (in Salzburg) ar an gcóras cúltaca. Tar éis na hoibríochtaí bogtha uile a chríochnú, dhéanfaí an Láraonad atá ann cheana (i Lucsamburg) a bhaint anuas agus mhúchfaí an nasc sealadach criptithe ar ardluas idir Strasbourg agus Lucsamburg.

Sa cheithre chás, dhéanfaí ardáin nua crua-earraí TF a fheistiú sa Láraonad agus sa Láraonad Cúltaca i Strasbourg agus in Salzburg faoi seach. Tar éis an t-infreastruchtúr TF sin a seachadadh, a shuiteáil, a chumrú, a thástáil agus a ghlacadh, dhéanfaí é a shioncronú leis an seanchóras agus dhéanfadh sé iarratais ó Bhallstáit a phróiseáil agus freagraí a thabhairt orthu dá éis sin.

I rith an chruinnithe den Ghrúpa Comhairleach a tharla i Meitheamh, ba iad an tríú agus an ceathrú cás a fuair an méid ba mhó tacaíochta. Iarradh ar Ghrúpa Comhairleach EURODAC a thuairim deireanach a thabhairt i dtaobh na gceithre chás faoin 7 Meán Fómhair 2012 agus chuir sé ar aghaidh Cás 4 mar an gcás roghnaithe. Ghlac an Bord Bainistíochta leis an togra seo ag an tríú cruinniú dá chuid (Mí na

Samhna 2012). Thairis sin, d'iarr an Bord ar an nGníomhaireacht, i gcomhar le Grúpa Comhairleach EURODAC, pleananna mionsonraithe a ullmhú i dtaca le hathlonnú an chórais arna bhunú ar Chás 4 agus na nithe seo a leanas a chur san áireamh sna pleananna sin:

- pleanáil ama
- iarmhairtí ar ghréasán s-TESTA
- iarmhairtí ar chórais de na Ballstáit.

## 8. An Comhaontú Ceannárais leis an Eastóin agus na Comhaontuithe Láithreán leis an bhFrainc agus leis an Ostair

### 8.1. An Comhaontú Ceannárais leis an Eastóin

Cuireadh tús leis an idirbheartaíocht ar an 20 Márta 2012 agus rinneadh dul chun cinn suntasach le téacs an chomhaontaithe i gcaitheamh na bliana. Ba iad seo a leanas na saincheisteanna a bhí fós le réiteach i Mí na Nollag 2012:

- ***An dlíréim a mhol Rialtas na hEastóine i dtaca le háitreabh buan na Gníomhaireachta. Mhol an Eastóin ceart superficies a dhéanamh ar leas na Gníomhaireachta.*** Chuir an Coimisiún faoi deara, thar ceann na Gníomhaireachta, teacht ar réiteach dlí a bheadh ar aon dul leis an gcleachtadh ginearálta a úsáidtear sa chuid is mó de na Ballstáit eile a óstálann comhlachtaí nó gníomhaireachtaí de chuid AE; is é sin comhaontú léasaithe idir an Rialtas agus an Ghníomhaireacht de bharr go dtaisealbhfadh ceart superficies don Ghníomhaireacht bainistiú an fhoirgnimh agus ualach airgeadais a bhainistithe faoi dhea-bhail, deisiúcháin struchtúracha san áireamh, seachas i gcás lochtanna tógála. Faoi chomhaontú léasaithe, is ar an úinéir atá an fhreagracht as na gnéithe seo. Mhol an Eastóin i Mí na Nollag 2012 réiteach malartach faoina ndéanfaí an foirgneamh a léasú leis an nGníomhaireacht agus úinéireacht na talún mórthimpeall ar leis an áitreabh í a aistriú chuig an nGníomhaireacht. Tar éis don Choimisiún dul i ndáil chomhairle go hinmheánach, chuir sé in iúl don Eastóin in Eanáir 2013 nach raibh an réiteach sin inghlactha de bharr nach mbeadh ar chumas an Choimisiúin úinéireacht na talún a chur de láimh gan bhac. Mhol an Coimisiún, mar rogha mhalartach inghlactha, úinéireacht an áitribh ina iomláine a aistriú chuig an nGníomhaireacht. Tá sé deimhnithe anois gurb í an rogha mhalartach seo a choinneofar sa chomhaontú.

- ***Lamháltas a thabhairt do bhaill foirne de chuid na Gníomhaireachta i leith troscán a cheannach gan cháin agus aon mhótarfheithicil amháin in aghaidh an tí a cheannach gan cháin gach ceithre bliana.*** Leanadh den idirbheartaíocht maidir leis an bpointe seo ó cheann ceann na bliana 2012 agus chuir an Coimisiún in iúl go mbeadh sé sásta glacadh le lamháltas ní ba lú uaillmhianach ar aon dul leis an lamháltas a thugtar d'oifigigh AE sa Bheilg. I Mí na Nollag áfach, chuir an Eastóin in iúl nach dtabharfadh sí an lamháltas seo do bhaill foirne na Gníomhaireachta.

**An Meabhrán Tuisceana i leith an Áitribh Shealadaigh**

Ag an am céanna, chuaigh an Coimisiún i mbun idirbheartaíochta le húdaráis na hEastóine d'fhonn Meabhrán Tuisceana a ullmhú maidir leis an áitreabh sealadach, rud a shínigh an Eastóin ar an 29 Deireadh Fómhair agus a shínigh an Coimisiún agus eu-LISA ar an 31 Deireadh Fómhair 2012. Thug an Meabhrán Tuisceana de chumhacht do eu-LISA an t-áitreabh sealadach a ghabháil de láimh go foirmiúil. Beidh feidhm ag an Meabhrán go ceann ceithre bliana agus sé mhí nó go dtí go mbeidh áitreabh buan eu-LISA réidh chun gabháil seilbhe air, sa chás go dtarlóidh sé sin roimh dhul in éag théarma an Mheabhráin.

**8.2. An Comhaontú Láithreáin leis an bhFrainc**

**An Comhaontú Láithreáin leis**

Cuireadh tús leis an idirbheartaíocht ar an 31 Eanáir 2012. Tionóladh cruinniú ag tús Mhí Iúil 2012 i bPáras, ach ba bheag an dul chun cinn a rinneadh in ainneoin na hidirbheartaíochta seo. Bhí sé mar aidhm ag an bhFrainc teorainn a chur le haon ghealltanas a thabharfadh sí maidir le hinneachar an Phrótacail ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, cé go raibh an Coimisiún den tuairim gurb é raon comhaontú láithreáin dá leithéid forálacha an Phrótacail a shonrú tuilleadh, rud a bhaintear amach trí mhódúlachtaí nithiúla a leagan amach i dtaca le rialacha maidir leis an gcánachas a chur i bhfeidhm, le hearraí a iompórtáil agus a easpórtáil, srl., mar aon le cuntas soiléir a thabhairt ar na freagrachtaí agus na gealltanais a bhaineann leis an tír aíochta ar thaobh amháin agus leis an nGníomhaireacht ar an taobh eile. Dhiúltaigh an Fhrainc lamháltas a thabhairt do bhaill foirne de chuid na Gníomhaireachta i leith troscán a cheannach gan cháin agus aon mhótarfheithicil amháin in aghaidh an tí a cheannach gan cháin gach ceithre bliana de bharr nach ndearnadh foráil don lamháltas seo sa Phrótacal. Ar cheann de na hábhair eile a bhí ina chnámh spairne le linn na hidirbheartaíochta leis an bhFrainc, rud a bhfuil tábhacht ag baint leis do Ballstáit eile chomh maith, bhí an réimeas a mbeadh feidhm aige ar na saineolaithe náisiúnta tugtha ar iasacht a bheadh lonnaithe i Strasbourg de bharr go raibh sé ar intinn ag an bhFrainc gan aon aitheantas a thabhairt dá leithéid de bhaill foirne sa chomhaontú láithreáin agus gan aon lamháltas a dheonú ó thaobh na cánach de ach an oiread. Leanadh den idirbheartaíocht seo leis an bhFrainc agus tionóladh cruinnithe ar an 3 Deireadh Fómhair agus ar an 22 Samhain 2012. Faoi dheireadh na bliana, bhí dul chun cinn déanta i ndáil le hailt áirithe, ach bhí siad fós i mbun idirbheartaíochta maidir le réimeas fioscach na Gníomhaireachta, le hiontráil agus le cónaí, le pribhléidí agus le díolúintí na mball foirne agus na saineolaithe tugtha ar iasacht, leis an scolaíocht, le naisc iomchuí iompair agus leis an oifig teagmhála.

Maidir le haistriú na talún le haghaidh an láithreáin i Strasbourg, chomhaontaigh an Coimisiún leis an bhFrainc nach ndéanfaidh sí láithreán C.SIS a aistriú go dtí an 1 Bealtaine 2013 (tráth is beartaithe a gcuirfear an t-uasghrádú ó SIS I go dtí SIS II i gcrích). Ina ainneoin sin áfach, ba riachtanach leis an gCoimisiún go gcuirfí an t-áitreabh ar láimh na Gníomhaireachta gan chíos as an 1 Nollaig 2012 amach, ó ba é sin an dáta a bhí beartaithe le haghaidh aistriú an láithreáin sa dréacht-chomhaontú láithreáin.

**An comhaontú léasa leis an bhFrainc**

Rinneadh conradh léasaithe sealadach, saor ó chíos le Cathrach Strasbourg chun teideal dlí a thabhairt don Ghníomhaireacht i gcomhair seilbh a ghabháil ar an áitreabh. Beidh feidhm ag an gcomhaontú seo ón 1 Nollaig go dtí an dáta a aistreofar an áitreabh ó Rialtas na Fraince go dtí an Ghníomhaireacht, rud a thitfidh amach tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán 2013. Shínigh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht an conradh ar an 29 Samhain 2012 *agus shínigh Communauté Urbaine de Strasbourg* ar an 17 Nollaig 2013 é. Ní rachaidh an conradh in éag go dtí go dtarlóidh gníomh aistrithe an áitribh tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán 2013.

### 8.3. An chomhaontú láithreáin leis an Ostair

**An Comhaontú Láithreáin leis**

Cuireadh tús leis an idirbheartaíocht ar an 3 Feabhra 2012. I gcruinniú i Vín a tionóladh ar an 10 Deireadh Fómhair 2011, comhaontaíodh go soláthródh an Ostair an chéad dréacht den chomhaontú agus go soláthródh an Coimisiún dréachtaí de roinnt de na forálacha agus dá chuid riachtanas i gcás athrú go dtí an córas cúltaca. Rinneadh plé ar an staid reatha ó thaobh conarthaí leis an Ostair de chomh maith. Mar a comhaontaíodh ag an gcruinniú, sheol an Coimisiún litir chuig an Ostair ar an 2 Feabhra 2012 inar iarr sé tacaíocht ón Ostair i ndáil leis an nGníomhaireacht a óstáil agus chuir sé na cáipéisí comhaontaithe faoina hiamh. Fuarthas freagra ón Ostair ar an 17 Meán Fómhair, agus dréacht-chomhaontú ceannárais faoina iamh, inar cuireadh in iúl go ngabhfaí comhaontú eile ar leith leis an téacs seo. Cuireadh in iúl chomh maith go gcuirfidh an t-údarás inniúil de chuid na hOstaire an comhaontú seo le chéile, ina ndéanfar plé le saincheisteanna eile a bhí fós le comhaontú. Tionóladh cruinniú ar an 10 Nollaig 2012. D'éirigh go maith leis an gcruinniú agus rinneadh dul chun cinn cé nach ndearnadh aon chomhaontú ar fhorálacha tábhachtacha i ndáil le sainmhínithe, leis an áitreabh, le pribhléidí agus díolúintí na mball foirne, le saineolaithe tugtha ar iasacht, ná le cúnamh agus comhoibriú i gcás teip ar an Lárchóras, bíodh an teip sin páirteach nó iomlán. Rinneadh roinnt dul chun cinn chomh maith leis an gcomhaontú ar leith maidir leis na riachtanais a mbeadh feidhm acu i dtaca le cur i ngníomh an chórais chúltaca cé gur chuir an Ostair teorainn leis an méid tacaíochta a thabharfadh sí don Ghníomhaireacht. Tionóladh cruinniú eile ar an 28 Eanáir 2013, áit a ndearnadh tuilleadh dul chun cinn.

**An meabhrán tuisceana maidir leis an Láithreán Cúltaca**

D'ullmhaigh an Coimisiún Meabhrán Tuisceana a chuirfear in ionad an chonartha reatha um áitreabh seirbhísithe an láithreáin chúltaca in Sankt Johann im Pongau chun na seirbhísí riachtanacha a chur in oiriúint do chreat dlí rialachán na Gníomhaireachta, rud a cuireadh faoi bhráid na hOstaire ag tús 2013.

## 9. BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Tá an Coimisiún freagrach as cur i bhfeidhm bhuiséad eu-LISA ó cuireadh ar bun i nDeireadh Fómhair 2011 é. Leanfar den socrú seo go dtí go bhfaighidh eu-LISA neamhspleáchas ó thaobh cúrsaí airgeadais de, rud atá sceidealaithe do Mhí na Bealtaine 2013 faoi láthair.

De bhrí an tsocraithe seo, rinne an Coimisiún sraith nósanna imeachta soláthair le haghaidh earraí agus seirbhísí a sheoladh agus a bhainistiú le linn 2012 thar ceann eu-LISA agus síníodh roinnt Comhaontuithe Seirbhíse[2] agus conarthaí de thoradh air seo.

I measc na gcomhaontuithe seo, rinne an Coimisiún Comhaontú Seirbhíse le OIB i leith spásanna sealadacha oifige a sholáthar in áitreabh an Choimisiúin sa Bhruiséil do bhaill foirne nua-earcaithe eu-LISA sula raibh fáil ar an áitreabh sealadach i dTaillinn. Rinne sé Comhaontú Seirbhíse le hIonad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT) maidir le seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do eu-LISA, mar a leagtar amach in Alt 25(3) den Rialachán, agus Comhaontú Seirbhíse eile le hArd-Stiúrthóireacht an Bhuiséid maidir le ABAC a shuiteáil (lárchóras ríomhairithe airgeadais agus cuntasaíochta a úsáideann an Coimisiún) in áitreabh eu-LISA. Ó thaobh na n-acmhainní daonna de, rinne an Coimisiún Comhaontú Seirbhíse le hArd-Stiúrthóireacht na nAcmhainní Daonna maidir le seirbhísí oiliúna, liachta agus slándála a chur ar fáil d'fhoireann eu-LISA, mar aon le Comhaontú Seirbhíse eile leis an Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla (PMO) maidir le soláthar seirbhísí ar nós riar agus íoc tuarastal, árachas misean, breoiteachta, timpiste agus galar ceirde, agus socrú teidlíochtaí pinsean agus liúntais easláine agus dífhostaíochta.

Tar éis do eu-LISA iarratas a dhéanamh, fuarthas earraí agus seirbhísí éagsúla in 2012 chun tacú le feidhmiú laethúil eu-LISA, an chuid ba mhó acu trí chreatchonarthaí a bhí ag an gCoimisiún cheana. Bhain an chuid ba mhó díobh leis an teicneolaíocht faisnéise, ar nós sláninfreastruchtúr príobháideach bainistithe cumarsáide (s-TESTA) a fheistiú ag na láithreáin i dTaillinn agus i Strasbourg; Idirlíon leathanbhanda a fheistiú agus a sholáthar ag an láithreán i dTaillinn; ullmhú dhearadh an infreastruchtúir TF a bheadh ag teastáil ag na láithreáin i dTaillinn, i Strasbourg agus in Sankt-Johann im Pongau; agus ríomhairí glúine, printéara, gutháin phóca agus tiomántáin chrua a cheannach[3]. Ceannaíodh chomh maith troscán don láithreán i dTaillinn agus soláthairtí oifige do na láithreáin i dTaillinn agus i Strasbourg araon. Tar éis an chruinnithe den Bhord Bainistíochta i Mí na Samhna, rinne an Coimisiún conradh maidir le hanailís ní ba mionsonraithe ar cheann de na roghanna a moladh i dtaca leis an láithreán i Strasbourg a athchóiriú. Ar deireadh thiar, shínigh an Coimisiún Comhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir le seomraí cruinnithe a ghlacadh ar cíos in áitreabh na Parlaiminte i Strasbourg, áit a gcuifí baill foirne nua-earcaithe agus baill foirne de chuid eu-LISA atá bunaithe i Strasbourg faoi oiliúint.

Ó thaobh na n-oibríochtaí de, síníodh an Creatchonradh a bhaineann le VIS a chothabháil faoi dhea-bhail oibre ar an 29 Lúnasa 2012 agus beidh feidhm aige go

---

[2] Is éard atá i gceist le Comhaontú Seirbhíse (CAS) ná comhaontú foirmiúil i scríbhinn a dhéantar idir beirt pháirtithe: soláthraí na seirbhísí (Ard-Stiúrthóireacht nó Gníomhaireacht) agus faighteoir na seirbhísí (Gníomhaireacht, mar shampla), i dtaca le seirbhísí ar leith a sholáthar don fhaighteoir.

[3] I ndiaidh an 1 Nollaig, sheol an Ghníomhaireacht tionscadal inmheánach i ndáil le réiteach iomlán infreastruchtúir a dhearadh agus a chur i ngníomh don eagraíocht a chuimseodh seirbhís Idirlíon leathanbhanda a sholáthar agus a fheistiú i dTaillinn agus i Strasbourg araon, infreastruchtúr corparáideach TF a dhearadh agus a chur i ngníomh, chomh maith leis na córais chomhair agus chomhoibrithe agus leis na huirlisí a bheadh ag teastáil le haghaidh gnáthfheidhmiú na Gníomhaireachta.

ceann tréimhse 3 bliana. Síníodh naoi gconradh ar leith i gcaitheamh Lúnasa agus Mheán Fómhair 2012 a bhain le cur i ngníomh an Chreatchonartha seo. Bhain siad le cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach agus éabhlóideach an chórais. I gcás chothabháil SIS II, foilsíodh an fógra conartha i ndáil leis an ngairm shrianta ar thairiscintí ar an 4 Nollaig 2012 agus bhí ar iarrthóirí a n-aighneachtaí a chur isteach faoi 28 Eanáir 2013. De réir an amchláir reatha, is dealraitheach go n-eiseofar an t-iarratas ar thairiscintí i lár Mhí na Márta 2013 agus go síneofar an Creatchonradh i samhradh 2013, ar conradh é a mbeidh feidhm aige go ceann 4 bliana ar a mhéad.

De bhreis ar na seirbhísí soláthair a ndéantar cur síos orthu anseo thuas, thug an Coimisiún tacaíocht lóistíochta agus riaracháin do mhisin bhaill foirne eu-LISA ó cheann ceann na bliana 2012. Aistreofar na conarthaí agus na comhaontuithe seirbhíse uile go dtí an Ghníomhaireacht tar éis di a neamhspleáchas airgeadais a bhaint amach.